



5 Feabhra 2019

A Phríomhoide/A Chathaoirligh, a chara,

Táim ag scríobh chugat, le cur in iúl duit, tar éis próisis chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais cuí faoi fhorálacha Alt 13(8) den *Acht Oideachais 1998*, go bhfuil ceadú ann ón Aire Oideachais agus Scileanna, Joe Mc Hugh T.D., chun **Meastóireacht a Thabhairt Isteach ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Speisialta Oideachais acu in Iarbhunscoileanna** le héifeacht ón **01 Márta 2019**.

Déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna Meastóireachtaí ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Speisialta Oideachais acu in Iarbhunscoileanna i sampla de scoileanna gach bliain. Dírionn na cigireachtaí ar bhealach domhain ar na réimsí seo a leanas a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais:

- torthaí foghlama daltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu in iarbhunscoileanna
- taithí foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu in iarbhunscoileanna
- an méid agus atá scoileanna ag baint úsáid as na hacmhainní a fhaigheann siad le riachtanais na ndaltaí seo a aithint agus a chomhlíonadh go héifeachtach
- an méid agus a chothaíonn na struchtúir agus córais atá curtha i bhfeidhm ag bainistíocht na scoile an cuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch na ndaltaí uile a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu

Tá an creat cigireachta bunaithe ar *Ag Breathnú ar an Scoile Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iarbhunscoileanna*, a d'fhoilsigh an Roinn i mí Mheán Fómhair 2016. Díritear go háirithe ann ar na caighdeáin agus ráitis den chleachtas éifeachtach a mbíonn tionchar díreach aige ar thorthaí agus taithí foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu. Sa chreat léirítear ann freisin líon forbairtí tábhachtacha maidir le soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu in iarbhunscoileanna. San áireamh anseo tá na nithe seo a leanas:

**An tsamhail um dháileadh acmhainní:** Imíonn an tsamhail um dháileadh acmhainní, a tugadh isteach sna scoileanna in 2017, ó acmhainní a dháileadh ar dhaltaí aonair bunaithe ar dhiagnóis an mhíchumais. Déantar acmhainní a dháileadh anois ar scoileanna bunaithe ar phróifíl a scoile lena n-áirítear an leibhéal riachtanais atá tuartha. Leis an gcur chuige seo bíonn saoirse níos fearr a scoileanna le leas a bhaint as a n-acmhainní, agus ag an am céanna breac-chuntas a thabhairt ar sé phrionsabal ar chóir cur leis an bpróiseas soláthair. Sna prionsabail seo leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le scoileanna ag déanamh forbartha ar nósanna imeachta láidre le riachtanais foghlama na ndaltaí a aithint agus a chomhlíonadh, le monatóireacht ar dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad agus lena chinntiú go mbeadh teacht acu siúd a bhfuil an leibhéal riachtanais is mó acu ar an leibhéal tacaíochta is mó.

Mar thoradh ar an tsamhail meastóireachta nua cinnteofar go mbeidh comhsheasmhacht agus comhleanúnachas idir an mheastóireacht ar sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu agus an tsamhail um dháileadh acmhainní do scoileanna.

**Treoirínte do Scoileanna a léiriú:** Chun tacú le scoileanna a bhfuil an tsamhail um dháileadh acmhainní á cur i bhfeidhm acu d'éisigh an Roinn *Treoirínte do Scoileanna: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu in Iarbhun scoileanna* i mí Mheán Fómhair 2017. Sa doiciméad seo cuirtear treoir ar fáil do scoileanna maidir le húsáid, eagrúchán agus leas a bhaint as acmhainní teagaisc breise do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leagtar síos ann soláthar éifeachtach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu laistigh de chreat cuimsitheach ar an scoil uile a leagann béim ar an teagasc agus foghlaim éifeachtach do gach duine agus an dea-chomhoibriú agus an dea-rannpháirtíocht idir scoileanna, tuismitheoirí<sup>1</sup> agus daltaí. Sna *Treoirínte* cuirtear sé phrionsabal ar fáil do scoileanna le cur le soláthar na n-acmhainní teagaisc breise a fhaigheann siad agus próiseas ina bhfuil sé ghníomh atá deartha chun cuidiú le scoileanna i ndáileadh na n-acmhainní seo. Tá líon teimpléad úsáideacha ann freisin do scoileanna, teimpléad scoile de phlean soláthair agus ceistneoir féinmhachnamhach san áireamh.

**Ag tacú leis an úsáid a bhaintear as an gContanam Tacaíochta:** Agus an tsamhail um dháileadh acmhainní táthar ag súil go mbainfidh scoileanna úsáid as an *gContanam Tacaíochta*. Tá an contanam deartha go háirithe chun cuidiú le múinteoirí i scoileanna príomhshrutha le riachtanais a aithint agus le forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha chun freastal ar na riachtanais sin. Cuimsíonn an contanam creat grádaithe bunaithe ar réitigh de mheasúnú agus idirghabháil i scoileanna.

**Samhail meastóireachta den chineál céanna a thabhairt isteach sa leibhéal bunscoile in 2016:** Tugadh isteach an Mheastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i mBunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2016. Sa tsamhail nua ag an leibhéal iarbhun scoile cinnteofar comhleanúnachas idir na samhlacha meastóireachta ag an dá leibhéal.

In Aguisín 1.9 den *Treoir maidir le Cigireacht in Iarbhun scoileanna* (Meán Fómhair 2016) leagtar amach conas a thugtar faoi na cigireachtaí agus tá sé ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie). Tá gnéithe na samhla leagtha amach in achoimre thíos:

De ghnáth, gheobhaidh scoil fógra deich lá oibre maidir le Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí.

Le linn na gcigireachtaí, déanfaidh na cigirí na nithe seo a leanas:

- Déanfar meastóireacht ar an teagasc agus foghlaim i suíomhanna príomhshrutha agus tacaíochta
- Buailfear
  - le Múinteoirí Speisialta Oideachais
  - le Cúntóirí Riachtanas Speisialta
- Eagrófar:
  - cruinniú fócasghrúpa do dhaltaí
  - cruinniú fócasghrúpa do thuismitheoirí
- Déanfar athbhreithniú ar na sonraí measúnaithe

---

<sup>1</sup> glactar leis go gclúdaíonn tuismitheoir caomhnóirí dlíthiúla agus daoine eile a ghníomhaíonn mar in loco parentis, do dhalta.

- Déanfar athbhreithniú ar phleananna scoile uile a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais

Tar éis na cigireachta:

- Ag eascairt as gach cigireacht beidh aiseolas ó bhéal chuig pearsanra cuí na scoile agus tuairisc i scríbhinn ar thorthaí na cigireachta
- I gcomhréir leis na nósanna imeachta le tuairiscí cigireachta a fhoilsiú, beidh an deis ag scoileanna deimhniú ó thaobh fíricí a thabhairt agus freagra a thabhairt ar an dréacht-thuairisc agus foilseofar an dréacht deiridh ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tugtar faoi Chigireachtaí na Meastóireachta ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Speisialta Oideachais acu i gcomhréir le hAlt 7(2)(b) agus Alt 13(3)(a)(i) den *Acht Oideachais 1998* agus leis an gCód Cleachtais don Chigireacht (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015) atá ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie). Le linn na cigireachta, beidh sé mar dhualgas ar bhord scoile agus a baill foirne ‘gach saoráid agus gach comhoibriú réasúnach’ a thabhairt don chigire agus é/i i mbun a c(h)uid dualgas (Alt 13(7), *An tAcht Oideachais 1998*).

Tugtar faoi na cigireachtaí freisin i gcomhréir leis an gCód Cleachtais don Chigireacht. Sa chód seo, atá ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie), cuirtear gealltanais ar fáil go mbeidh ceithre bunphrionsabal mar bhonn agus taca ag gach cigireacht:

- Béim ar fhoghlaimoirí
- Forbairt agus feabhsú
- Rannpháirtíocht mheasúil
- Cuntasacht

Ba phointe tagartha tábhachtach iad na prionsabail seo nuair a bhí an tsamhail meastóireachta nua á forbairt agus stiúrfaidh siad gach gné de chur i bhfeidhm na samhla seo.

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas seo ina chuidiú duit.

Is mise, le meas,

**Harold Hislop**  
**Príomhchigire**

**5 Feabhra 2019**